C/2025/6679

11.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12217 — AURELIUS / LANDIS+GYR EMEA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6679)

1. An 3 Nollaig 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AURELIUS Investment Lux One S.à.r.l. (Lucsamburg), cuid de Aurelius Group ('AURELIUS', an Ghearmáin),

— Landis+Gyr Olympus AG ('Landis+Gyr', an Eilvéis).

Gheobhaidh AURELIUS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Landis+Gyr ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta cothromais phríobháidigh agus bainisteoir sócmhainní é AURELIUS a shealbhaíonn cuideachtaí punainne éagsúla atá gníomhach i dtionscal, ceimic, miondíol, seirbhísí gnó, na meáin agus TF agus lónadóireacht aerlíne. Tá AURELIUS gníomhach ar fud an domhain,

— Soláthraíonn Landis+Gyr gairis agus réitigh méadraithe chliste ar fud na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice le haghaidh méadrú leictreachais, gáis, teirmeach agus uisce.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12217 — AURELIUS / LANDIS+GYR EMEA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.